Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12502/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0306(NLE)**

**AGRILEG 168**
**DENLEG 40**
**FOOD 63**
**PESTICIDE 41**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 499 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh tríchioglasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 499 final.

Faoi iamh: COM(2023) 499 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.8.2023
COM(2023) 499 final

2023/0306 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh tríchioglasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, bunaítear go háirithe an gá atá le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus forálacha comhchuibhithe ón Aontas a bhaineann le huasleibhéil iarmhar (MRLanna) lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch, nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, a áirithiú. Aithnítear sa Rialachán sin, i gcás bia agus beatha arna dtáirgeadh lasmuigh den Aontas, go bhféadfar cleachtais talmhaíochta éagsúla maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí a chur i bhfeidhm go dleathach, rud a fhágann ó am go chéile go mbíonn iarmhair lotnaidicídí ann atá éagsúil leis na hiarmhair a thagann as úsáidí a chuirtear i bhfeidhm go dleathach san Aontas. Dá bhrí sin, déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar MRLanna a shocrú le haghaidh táirgí allmhairithe (i.e. lamháltais allmhairiúcháin) trí shainchomhad eolaíoch cuimsitheach a sholáthar ina gcuirfear na húsáidí sin agus na hiarmhair a thagann astu san áireamh, rud a ndéanann Ballstát agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) meastóireacht air. Féadfaidh an gCoimisiún an MRL a ndearnadh iarratas air a shocrú, ar choinníoll gur léiríodh go bhfuil sé sábháilte do Thomhaltóirí Eorpacha trí úsáid a bhaint as na critéir chéanna agus a úsáidtear i gcás táirgí baile.

I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, fuair an Iodáil iarratas maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh na substainte gníomhaí tríchioglasól i rís.

An 26 Aibreán 2018 sheol an Iodáil tuarascáil mar aon lena meastóireacht ar an iarratas sin chuig EFSA.

An 18 Eanáir 2023 ghlac EFSA Tuairim Réasúnaithe fhabhrach maidir leis an meastóireacht ar shábháilteacht an MRL mhodhnaithe atá beartaithe le haghaidh tríchioglasól i rís[1]. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún dréacht-Rialachán do na Ballstáit sa Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha maidir leis an MRL ábhartha Aontais a mhodhnú dá réir sin.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an cur chuige a úsáideadh comhsheasmhach le forálacha Rialachán (CE) 396/2005.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

I gcomhréir leis an Tuairim Réasúnaithe fhabhrach a ghlac EFSA agus ar bhonn Airteagal 14(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ullmhaíodh dréacht-Rialachán ón gCoimisiún agus cuireadh faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha é (féach caibidil 1). De réir Airteagal 45(4) den Rialachán sin, beidh feidhm ag an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú de réir Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468 ón gComhairle.

---

1 EFSA 2023. *Reasoned Opinion on the setting of import tolerance for tricyclazole in rice* [Tuairim Réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh tríchioglasóil i rís]. EFSA Journal [Iris EPSA], 2023;21(1):7757. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.7757

- **An rogha ionstraime**

An dréacht-Rialachán thuasluaite ón gCoimisiún lena moltar modhnú ar an MRL le haghaidh tríchioglasóil i rís, cuireadh faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha é an 11 Bealtaine 2023, chun tuairim a fháil. Níor thug an Coiste tuairim uaidh maidir leis an dréacht-Rialachán ón gCoimisiún, ós rud é nár thángthas ar thromlach cáilithe i bhfabhar ná i gcoinne na mbeart atá beartaithe.

Dá bhrí sin agus de bhun Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, tá an Coimisiún ag cur dréacht-Rialachán ón gComhairle maidir leis na bearta atá le glacadh faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte. Gníomhóidh an Chomhairle i leith an bhirt atá beartaithe trí thromlach cáilithe laistigh de 2 mhí ón dáta ar cuireadh faoina bráid é. Má chuireann an Chomhairle i gcoinne an bhirt trí thromlach cáilithe, ní ghlacfar an beart. Má bheartaíonn an Chomhairle an beart a ghlacadh, cuirfidh sí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é gan mhoill. In éagmais tuairim ón gComhairle, cuirtear an Rialachán ar ais chuig an gCoimisiún agus cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa gan mhoill é le go ndéanfar grinnscrúdú air. Mura gcuireann an Pharlaimint i gcoinne an bhirt, glacfaidh an Coimisiún é. Má chuireann an Pharlaimint i gcoinne an bhirt, ní ghlacfaidh an Coimisiún é.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Níl aon mheastóireacht *ex post*, comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair beartaithe don Rialachán seo i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar buiséadach ag an Rialachán.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déantar foráil leis Rialachán seo maidir le modhnú ar an MRL atá ann cheana le haghaidh tríchioglasóil i rís, ar modhnú é lena n-ardaítear an MRL ón teorainn chinnidh arna bunú ag 0.01 mg/kg go leibhéal 0.09 mg/kg, ar bhonn na tuairime eolaíche ó EFSA. Agus an méid sin á dhéanamh, déanfar na MRLanna tríchioglasóil, atá leagtha síos faoi láthair in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán céanna sin.

2023/0306 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh tríchioglasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás tríchioglasóil, socraíodh uasleibhéil iarmhar (‘MRLanna’) in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Cuireadh isteach iarratas ar lamháltais allmhairiúcháin de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh tríchioglasól a úsáidtear sa Bhrasaíl ar rís. Deir an t-iarratasóir go n-eascraíonn iarmhair a sháraíonn an MRL dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 as úsáid údaraithe na substainte sin ar bharr den sórt sin sa Bhrasaíl agus go bhfuil gá le MRL níos airde chun bacainní trádála ar allmhairiú an bhairr sin a sheachaint.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas sin agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe faoin MRL atá beartaithe[2]. Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

[2] *Reasoned opinion on the setting of import tolerance for tricyclazole in rice* [Tuairim Réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh tríchioglasóil i rís]. EFSA Journal [Iris EPSA], 2023;21(1):7757.

chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, i ndáil leis an táirge lena mbaineann, gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach agus go raibh an modhnú ar an MRL a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht an tomhaltóra ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i leith 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha na substainte, faisnéis nach raibh ar fáil roimhe sin, agus níor soláthraíodh í ach leis iarratas lena mbaineann. Le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(6) Ar bhonn na tuairime réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, is iomchuí a mheas go gcomhlíonann an modhnú atá beartaithe ar an MRL ceanglais an Airteagail sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Da bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghlacadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*